

Brussels, 18 March 2025

6283/25

**Interinstitutional File:
2016/0295 (COD)**

**JUR 108
COMER 21
CONOP 10
CFSP/PESC 305
ECO 7
UD 25
ATO 5
COARM 45
CODEC 146**

LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF

Subject: Regulation (EU) 2021/821 of the European Parliament and of the Council of 20 May 2021 setting up a Union regime for the control of exports, brokering, technical assistance, transit and transfer of dual-use items
(Official Journal of the European Union L 206 of 11 June 2021)

LANGUAGES concerned: **GA, PT**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in a number of language versions)

This text has also been transmitted to the European Parliament.

TIME LIMIT for the observations by Member States: 8 days

**OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu
(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)**

CEARTÚCHÁN

**ar Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú,
bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú)**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 206 an 11 Meitheamh 2021)

1. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí den fhocal ‘earra’ in ionad an leagan chomhfhreagrach den fhocal ‘ítim’ sa Rialachán seo tríd síos.
2. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí de na focail ‘earraí dé-úsáide nach earraí de chuid an Aontais iad’ in ionad an leagan chomhfhreagrach de na focail ‘ítimí dé-úsáide neamh-Aontais’ sa Rialachán seo tríd síos.
3. Cuirtear an leagan iomchuí gramadaí den ghiorrúchán ‘CIC’ in ionad an leagan chomhfhreagrach den ghiorrúchán ‘ICP’ sa Rialachán seo tríd síos.
4. Ar leathanach 8, Airteagal 2(22)

in ionad:

‘22. ciallaíonn ‘idirbheart atá comhionann go bunúsach’ idirbheart a bhaineann le paraiméadair nó saintréithe teicniúla atá mórán mar an gcéanna agus a bhfuil an t-úsáideoir deiridh céanna nó an coinsíní céanna i gceist le hidirbheart eile.’,

léirítear:

‘22. ciallaíonn ‘idirbheart atá comhionann go bunúsach’ idirbheart a bhaineann le hearraí le paraiméadair nó saintréithe teicniúla atá mórán mar an gcéanna agus a bhfuil an t-úsáideoir deiridh céanna nó an coinsíní céanna i gceist le hidirbheart eile.’.

5. Ar leathanach 9, Airteagal 4(4)

in ionad:

‘4. ... , go háirithe maidir leis na hítimí agus na heintitis lena mbaineann, ...’,

léirítear:

‘4. ... , go háirithe maidir leis na hearraí agus na húsáideoirí deiridh lena mbaineann, ...’,

6. Ar leathanach 10, Airteagal 5(2)

in ionad:

‘2. I gcás gurb eol d’onnmhaireoir, de réir thorthaí an díchill chuí, go bhfuil ítimí cibearfhaireachais ceaptha atá beartaithe ag an onnmhaireoir a onnmhairiú, nach liostaítear in Iarscríbhinn I iad, ina n-iomláine nó i bpáirt, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil.’

léirítear:

‘2. I gcás gurb eol d’onnmhaireoir, de réir thorthaí an díchill chuí, go bhfuil earraí cibearfhaireachais atá beartaithe ag an onnmhaireoir a onnmhairiú, nach liostaítear in Iarscríbhinn I iad, ceaptha, ina n-iomláine nó i bpáirt, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil.’

7. Ar leathanach 10, Airteagal 5(6)

in ionad:

‘6. I gcás ina dtabharfaidh na Ballstáit uile agus an Coimisiún fógra dá chéile agus don Choimisiún gur cheart ceanglas údarúcháin a fhorchur i gcás idirbhearta atá go bunúsach comhionann, foilseoidh an Coimisiún i sraith C d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ...’,

léirítear:

‘6. I gcás ina dtabharfaidh na Ballstáit uile agus an Coimisiún fógra dá chéile agus don Choimisiún gur cheart ceanglas údarúcháin a fhorchur i gcás idirbhearta atá comhionann go bunúsach, foilseoidh an Coimisiún i sraith C d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ...’.

8. Ar leathanach 12, Airteagal 8(3)(e)

in ionad:

‘(e) má sholáthraítear an cúnamh teicniúil chun críche a luaitear sna heisceachtaí le haghaidh ítimí de chuid an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán (teicneolaíocht CRTD) in Iarscríbhinn IV; nó’,

léirítear:

‘(e) má sholáthraítear an cúnamh teicniúil chun críche a luaitear sna heisceachtaí le haghaidh earraí de chuid an Chórais Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán (teicneolaíocht MTCR) in Iarscríbhinn IV; nó’.

9. Ar leathanach 17, Airteagal 16(5)

in ionad:

‘5. Sula gcinneadh údarás inniúil Ballstáit ar cheart nó nár cheart údarú a dheonú nó idirthuras a thoirmeasc faoin Rialachán seo, déanfaidh sé scrúdú ar gach diúltú bailí nó cinneadh lena dtoirmeasctar idirthuras ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a rinneadh faoin Rialachán seo lena fhionnadh ar dhiúltaigh údaráis inniúla i mBallstát eile údarú nó idirthuras le haghaidh idirbheart arb ionann é go bunúsach agus an t-idirbheart i dtrácht. Ansin rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit a d’eisigh diúltaithe nó cinntí den sórt sin chun idirthuras a thoirmeasc mar a fhoráiltear i míreanna 1, 3 agus 4 den Airteagal seo.

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát a rachfar i gcomhairle leo in iúl laistigh de 10 lá oibre an measann siad gur idirbheart atá go bunúsach comhionann leis an idirbheart atá i gceist an t-idirbheart i dtrácht. Mura bhfaighfear freagairt laistigh de 10 lá oibre, measfar nach measann údaráis inniúla na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo gur idirbheart atá comhionann go bunúsach leis an idirbheart i dtrácht atá ann.’,

léirítear:

‘5. Sula gcinneadh údarás inniúil Ballstáit ar cheart nó nár cheart údarú a dheonú nó idirthuras a thoirmeasc faoin Rialachán seo, déanfaidh sé scrúdú ar gach diúltú bailí nó cinneadh lena dtoirmeasctar idirthuras earraí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a rinneadh faoin Rialachán seo lena fhionnadh ar dhiúltaigh údaráis inniúla i mBallstát eile údarú nó idirthuras le haghaidh idirbheart atá comhionann go bunúsach. Ansin rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis inniúla an Bhallstáit a d’eisigh diúltaithe nó cinntí den sórt sin chun idirthuras a thoirmeasc mar a fhoráiltear i míreanna 1, 3 agus 4 den Airteagal seo.

Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát a rachfar i gcomhairle leo in iúl laistigh de 10 lá oibre an measann siad gur idirbheart atá comhionann go bunúsach. Mura bhfaighfear freagairt laistigh de 10 lá oibre, measfar nach measann údaráis inniúla na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo gur idirbheart atá comhionann go bunúsach atá ann.’

10. Ar leathanach 414, Iarscríbhinn I, Cuid XI, Catagóir 9, 9D004

in ionad:

‘Nóta: ... atá teoranta don chinneadh a dhéanamh an ndearnadh an mhír a chóimeáil nó a dheisiú i gceart.’

léirítear:

‘Nóta: ... atá teoranta don chinneadh a dhéanamh an ndearnadh an earra a chóimeáil nó a dheisiú i gceart.’

RETIFICAÇÃO

**do Regulamento (UE) 2021/821 do Parlamento Europeu e do Conselho, de 20 de maio de 2021,
que cria um regime da União de controlo das exportações, corretagem, assistência técnica,
trânsito e transferências de produtos de dupla utilização**

(«Jornal Oficial da União Europeia» L 206 de 11 de junho de 2021)

Na página 10, artigo 5.º, n.º 1:

onde se lê:

«1. É exigida uma autorização para a exportação de produtos de cibervigilância não listados no anexo I se o exportador tiver sido informado pela autoridade competente de que os produtos em questão se destinam ou se podem destinar, total ou parcialmente, a ser utilizados no contexto da repressão e/ou da prática de graves violações dos direitos humanos ou do direito humanitário.»

leia-se:

«1. É exigida uma autorização para a exportação de produtos de cibervigilância não listados no anexo I se o exportador tiver sido informado pela autoridade competente de que os produtos em questão se destinam ou se podem destinar, total ou parcialmente, a ser utilizados no contexto da repressão interna e/ou da prática de graves violações dos direitos humanos e do direito internacional humanitário.»